**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000031/2022**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Gunnar Beck**, **Marco Campomenosi**, **Jean-Paul Garraud**, **Gerolf Annemans**, **Jaak Madison**, **Harald Vilimsky**, **Mathilde Androuët**, **Jordan Bardella**, **Aurélia Beigneux**, **Dominique Bilde**, **Annika Bruna**, **Catherine Griset**, **Jean-François Jalkh**, **France Jamet**, **Virginie Joron**, **Herve Juvin**, **Jean-Lin Lacapelle**, **Gilles Lebreton**, **Thierry Mariani**, **Philippe Olivier**, **André Rougé**
thar ceann Ghrúpa ID

Ábhar: Bearta an Choimisiúin chun bochtaineacht fuinnimh a mhaolú agus chun faoiseamh a thabhairt do thomhaltóirí

Tá tomhaltóirí na hEorpa thíos leis na héifeachtaí a bhaineann le hardú mór ar phraghas na cumhachta leictrí, rud a chuir líon mór teaghlach i mbaol fulaingthe ó dhearbh-bhochtaineacht fuinnimh. Ní bheidh na milliúin teaghlach in ann a mbillí fóntais míosúla a íoc más rud é go bhfuil ardú as cuimse ag teacht ar phraghsanna do gach cineál fuinnimh. Is iad na cúiseanna atá leis an ardú ar phraghas sin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ná an tionchar comhcheangailte agus carnach atá ag na costais ollmhóra a bhaineann leis an aistriú fuinnimh i dtreo foinsí in-athnuaite fuinnimh agus dearadh ar leith an mhargaidh fuinnimh a cruthaíodh le dlíthe áirithe de chuid an Aontais, arb iad na héiginnteachtaí agus na ganntanais a d’eascair as ionradh na Rúise ar an Úcráin a spreag iad. D’fhógair Uachtarán an Choimisiúin cheana féin go molfar rialacha nua do mhargadh leictreachais an Aontais le haghaidh 2023, fógra ar díol sásaimh é. Mar sin féin, tá tomhaltóirí fós sna cúinsí is measa.

I bhfianaise an mhéid sin:

1. Cad iad na bearta láithreacha a dhéanfaidh an Coimisiún chun an t-ualach ar thomhaltóirí a laghdú agus chun faoiseamh éigin a chur ar fáil i gcoinne billí fuinnimh a bheith ag ardú as cuimse?

2. Cad é an tráth is túisce a d’fhéadfadh tomhaltóirí coinne a bheith acu le tionchar dearfach ó na bearta arna ndéanamh ag an gCoimisiún?

3. Conas a d’fhéadfadh an tAontas a chreat dlíthiúil a oiriúnú chun rannchuidiú go suntasach leis an ualach a bhaineann le praghsanna arda leictreachais ar thomhaltóirí a laghdú?

Curtha síos: 2.9.2022

Spriocdháta i gcomhair freagra: 3.12.2022